

## Lektion 5 · Übung 6

35

Ú: Dia is Muire duit. Úna an t-ainm atá orm. Is as Corcaigh mé.

M: Mícheál an t-ainm atá ormsa.

Ú: Cé as thú?

M: Is as Luimneach mé.

C: Dia duit! Is mise Cáit.

Ú: An as Luimneach thú féin freisin?

C: Ní as Luimneach mé. Is as Gaillimh mé. Nach as Luimneach thusa?

Ú: Ní hea, deir Mícheál gur as Luimneach é.

C: An bhfuil sibh sásta anseo?

M: Tá mise sásta ach níl sise sásta.

## Lektion 6 · Übung 11

38

Tá sé euro ar an mála.

Tá dhá euro ar an nuachtán.

Tá cúig euro ar an leabhar.

Tá trí euro ar an iris.

## Athrá Ceacht 5-10 · Übung 5

51

Is mise Meadhbh Uí Néill. Rugadh mé í Sligeach ach tá mé i mo chónaí i mBaile Átha Cliath le m'fhear Colm agus ceathrar páistí: Sinéad, Eibhlín, Brian agus Éamann. Is freastalaí mé. Is obair chrua í ach tá mé sásta. Is maith liom mo phost agus na daoine. Is breá liom a bheith ag taistéal. Is thír iontach í an Fhrainc, ach is deacair í an teanga. Is fearr liom Gaeilge. Is í mo chéad teanga í. Is í mo dhara teanga í an Béarla. Níl ach beagán Fraincise agam. Is maith liom an Danmhairg freisin ach níl an teanga agam ar chor ar bith. Is maith liom snámh agus dul go dtí tithe tábhairne. Is maith liom beoir ach is fuath liom uisce beatha.

Bhain tú preab asam.  
Bain chugat.  
Bhain sé an t-oeras díom.  
Bain fút ar an stól ansin!  
Mac léinn atá ionat.

**Athrá Ceacht 11–15 · Übung 7**

- C: Dia duit a Thomáis. Is fada nach bhfaca mé thú. Cén chaoi a bhfuil tú?
- T: Dia is Muire duit a Chairríona. Níl mé rómhaith. Cén chaoi a bhfuil tú féin?
- C: Tá mé go han-mhaith, go raibh maith agat. Cheannaigh mé mótarbhád ach níl an t-am agam é a úsáid ... cén fáth nach bhfuil tú go maith?
- T: Tá cúis leis. D'fhág mo bhean mé. Tá muid colscártha anois. Agus fuair sise an teach agus an carr. Níl airgead ar bith agam. Bíonn orm bheith ag rothaíocht anois. Ach tá mo shláinte agam.
- C: Is fearr an tsláinte ná na táinte. Tá an t-ádh ort!
- T: Níl. Tá mé ag dul ag spaisteoireacht anois. Ar mhaith leat teacht\* liom?
- C: B'fhéidir lá éigin eile ... tá slaghdán orm inniu ach níl sé go ródhona.

\* Der westirische Sprecher sagt *a theacht*.

**Lektion 19 · Übung 7**

Abair arís é, más é do thoil é.  
Cén chaoi a litríonn tú »clár dubh«?  
An bhfuil ceist ar bith agaibh?  
Osclaígí na leabhair ar leathanach a trí déag.  
Céard a chiallaíonn an focal »iasacht«?  
Cén Ghaeilge atá ar an bhfocal »Student«?  
An féidir leat labhaint go mall, más é do thoil é?  
Gabh mo leithscéal, níl an focal sin sa bhfocloir.

**Comhrá 1**

- A:** Gabh mo leithscéal. Ghoid duine éigin an carr orm! Tá mé ag lorg stáisiún na ngardaí. An bhfuil a fhios agat cén áit a bhfuil sé?
- B:** Tá stáisiún na ngardaí in aice leis an mbanc i Sráid Mháire. Cas ar dheis anseo, lean síreach ar aghaidh dhá nóiméad agus tá tú ann.

**Comhrá 2**

- A:** Gabh mo leithscéal, an bhfuil siopa leabhar sa tsráid seo?
- B:** Níl, tá an siopa leabhar is gaire dúinn os comhair an tséipéil ag barr an bhaile. Téigh ar aghaidh anseo ar feadh cúpla nóiméad, cas ar chlé agus ansin ar dheis roimh na soilse tráchta. Má fheiceann tú stáisiún na ngardaí, tá tú ar strae.

**Comhrá 3**

- A:** Gabh mo leithscéal, tá mé cailt. Tá mé ag lorg Sráid Pheadair.
- B:** Ó, tá Sráid Pheadair ar an taobh eile den chathair. Tá sé trí chiliméadar ó seo, b'fhéidir. Níl sé i bhfad ón abhainn. An bhfuil léarscáil agat?
- A:** Níl.
- B:** Bhuel, lean ar aghaidh go deireadh na sráide seo. Cas ar chlé. Feicfidh tú an stáisiún traenach tar éis\* tamaill. Tá Sráid Pheadair gar don stáisiún traenach, is féidir leat ceist a chur ansin.

\* Die westirische Sprecherin sagt *thar éis*.

**Lektion 22 · Übung 7****Comhrá 1**

- P:** Dia duit, seo Pól.
- S:** Haigh a Phóil, Sorcha anseo. Éist, ar mhaith leat teacht chuig bainis liom an samhradh seo?
- P:** Haigh a Shorcha. Cén lá a bheidh sé ar siúl?
- S:** An mhí seo chugainn, ar an seachtú lá déag de mhí Lúnasa, Dé Sathairn atá i gceist.
- P:** Tá mé saor ansin, tiocfaidh mé cinnte.

## Comhrá 2

M: Antaine, an raibh tú sa mbialann Iodálach »Casa Pasta« cheana?

A: Ní raibh, an bhfuil sé go maith?

M: Cloisim go bhfuil. An mbainfidh muid triail as anocht?

A: Níl an t-am agam anocht, ach tá mé saor san oíche amárach.

## Comhrá 3

S: A Rónán, tá fonn orm dul go dtí an phictiúrlann. Céard fútsa?

R: Dia duit a Sheoirse. Tá fonn orm ceart go leor, ach tá a lán oibre agam faoi láthair.  
Ní bheidh am agam an mhí seo ar chor ar bith.

S: Cuirfidh mé glaoch ort an mhí seo chugainn mar sin. Feicfidh muid scannán amach anseo.

R: Maith an fear.

## Lektion 24 · Übung 5

 87

P: An dtaitníonn na bróga seo leat?

S: Taitníonn. Is maith liom an dath. An bhfuil siad compordach?

P: Tá.

S: Cé mhéad atá orthu?

P: Fan nóiméad, ní fheicim an praghas. Seo é – cúig euro is caoga atá orthu.

S: Tóg iad!

P: Ceart go leor, ceannóidh mé iad.

S: Maith thú!

## Lektion 25 · Übung 9

 89

### Comhrá 1

A: Dia duit. Is mise Bean Uí Mhurchú, Mamaí Sheáin.

B: Dia duit, a Bhean Uí Mhurchú.

A: Níl Seán ag mothú go maith inniu. Ní féidir leis teacht ar scoil.

Tá sé ag casacht agus tá scornach thinn air freisin.

B: Tá brón orm é sin a chloisteáil. Tá súil agam go dtiocfaidh biseach air go luath.  
Slánanois.

A: Go raibh maith agat. Slán.

## Comhrá 2

A: Ó a Ruairí, tá pian i mo ghlúin. B'fhéidir go bhfuil sé briste.

B: Céard a tharla duit, a Thomáis?

A: Ghortaigh mé mo chos inné nuair a bhí mé ag imirt peile.

B: An bhfuil sé níos fearr inniu?

A: Níl sé níos fearr, tá sé níos measa.

B: Téigh go dtí an dochtúir.

## Comhrá 3

A: Tá slaghdán ar mo mhamaí. Tá sí ag casacht agus tá teocht aici.

B: Ar chuidigh tú léi?

A: Sea. Rinne mé an bricfeasta di. Cupán tae agus arán tósta a bhí aici.

Tá sí ag mothú níos fearranois.

## Lektion 25 · Übung 13

90

### Comhrá 1

A: Ar mhiste leat labhairt níos moille, le do thoil?

B: Déanfaidh mé sin, cinnte. An dtuigeann tú mé anois?

### Comhrá 2

A: An bhféadfá an foclóir sin a thabhairt dom?

B: Fan nóiméad, níl mé críochnaithe.

### Comhrá 3

A: An bhféadfá ríomhphost a chur chugam, más é do thoil é?

Mar sin, beidh do sheoladh agam.

B: Tá brón orm, ach níl an t-idirlíon ag obair san árasán nua go fóill.

Má tá peann agat is féidir leat mo sheoladh a scríobh ar phíosa páipéir.

### Comhrá 4

A: Tá mo charr sa ngaráiste faoi láthair. An bhféadfaínn do charrsa a úsáid anocht?

Tá coinne agam le Gráinne.

B: Álraidht, ach tabhair aire dó!

### Comhrá 5

A: Ar mhiste leat íoc as mo phionta, a Phóil? Níl mórán airgid agam faoi láthair.

B: Ceart go leor, ach beidh sé ortsá an mhí seo chugainn.

**Comhrá 1**

- A: Gabh mo leithscéal. Cá bhfuil an t-ospidéal, más é do thoil é?
- B: Níl tú i bhfad ón ospidéal. An bhfeiceann tú na soilse tráchta ansin?  
Cas ar chlé ag na soilse, ansin téigh díreach ar aghaidh ar feadh tamaill.  
Tóg an dara casadh ar chlé. Tá an t-ospidéal ar chlé ansin. An bhfuil sé sin agat?
- A: Tá, míle buíochas.

**Comhrá 2**

- A: Gabh mo leithscéal. Tá mé ag lorg Oifig an Phoist.
- B: Tá Oifig an Phoist nua san ollmhargadh i mBóthar na Tráanois. Caithfidh tú siúl ar feadh deich nóiméad, b'fhéidir. Tóg an dara casadh ar dheis, ansin téigh díreach ar aghaidh ar feadh cúpla nóiméad. Tóg an tríú casadh ar chlé, agus téigh isteach sa siopa mór dearg. Tá Oifig an Phoist ar chlé.
- A: Go raibh míle maith agat. Slán anois.

**Athrá Ceacht 21–25 · Übung 11**

- A: An bhfuil bronntanas agat do Thomás agus Róisín?
- B: Níl go fóill.
- A: Tusa a bheidh ag ceannach an bhronntanais bainise, tá a fhios agat sin, nach bhfuil?
- B: Ceannóidh mise an bronntanas agus an cárta beannachta má scríobhann tusa cúpla focal dóibh.
- A: Níl mé cinnte. Céard a scríobhfaidh mé?
- B: Tá síul againn go mbeidh sibh chomh sona le ... chomh sona le ...?  
Níl a fhios agam. Níl mé go maith ag scríobh litreacha.
- A: Céard faoi: »Sláinte agus fad saoil?«
- B: Maith thú! Taitníonn sé sin liom.